



$$1+1=2$$

NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR MATA

LE HÚSÁID I GCOMHAR LE BILEOGA OIBRE 3A GO 3H

Ceacht 1

Snáithe: Sonraí.

Acmhainní: Bileog Oibre 3A.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann

1. Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú ag úsáid picteachraim, blocghraif barra- chairteacha agus barraghraif líneach.
2. Sonraí atá léirithe ar chairt a léamh agus a léirmhíniú.

Gníomhaíochtaí atá molta:

1. Pléigh gach gné den ghraf atá curtha ar fáil. Déan scrúdú ar na huimhreacha ar an líne ingearach agus pléigh an mbeadh na huimhreacha seo oiriúnach dá mbeadh an graf ag léiriú an toilleadh atá ag an staid. Déan scrúdú ar na hathruithe a chaithfí a dhéanamh chun é seo a thaispeáint go héifeachtach.
2. D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí na sonraí céanna a léiriú i go leor foirmeacha éagsúla: ag taispeáint go bhfuil ceangal nádúrtha idir na nithe atá á léiriú, cé go bhfuil siad i bhfoirmeacha éagsúla.
3. D'fhéadfadh na páistí suirbhéanna a dhéanamh sa rang a bheadh bunaithe ar na sonraí ábhartha. D'fhéadfadh na topaicí seo a leanas a bheith i gceist, na himreoirí is fearr leo, na geansaithe idir chontae is fearr leo etc.

Freagraí ar Bhileog Oibre 3A: A. Colm Cooper; B. 102; C. Ross Munnelly; D. 10; E. Ceist shuibhachtúil ach Colm Cooper bunaithe ar na sonraí a tugadh; F. Alan Brogan agus Matty Forde.

Ceacht 2

Snáithe: Uimhir.

Acmhainní: Bileog Oibre 3B.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann

1. Pátrúin in uimhreacha ó 0 go 9999 a fhiosrú, a aithint agus taifead a dhéanamh orthu.
2. Uimhreacha le ceithre dhigit a léamh, a scríobh agus a chur in ord agus fadhbanna simplí a réiteach.

Gníomhaíochtaí atá molta:

1. D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí meastachán a dhéanamh ar antoilleadh a shamlaíonn siad a bheadh ag dhá staid dá dtógfaí le chéile iad. Ar an dóigh chéanna, d'fhéadfaí a iarraidh orthu meastachán a dhéanamh ar antoilleadh a bheadh ag an staid dá mbeadh a leath de dúnta i gcomhair cluiche.
2. D'fhéadfadh na páistí é seo a cheangal le Bileog oibre 3A trí na vótaí a fuair na himreoirí a shlánú go dtí an míle is gaire agus iad a bhfoirm graif.

Freagraí ar Bhileog Oibre 3B: 1 (b) 1,239, 3,415, 5,401, 7,854, 9,107; 2 (a) 4,754; 2 (b) 1,801; 2 (c) 7, 273; 2 (d) 6,005; 2 (e) 4,341; 3 (b) Kieran Donaghy, Jason Sherlock, Owen Mulligan, Ciaran MacDonald; 3 (c) Aon uimhir idir 6,297 agus 7,541; 3 (d) 8,604.

Ceacht 3

Snáithe: Sonraí.

Acmhainní: Bileog Oibre 3C.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann píchairteacha simplí a léamh agus a léirmhíniú, ag úsáid codáin 1/2, 1/4 agus 1/3.

Gníomhaíochtaí atá molta:

1. Cuirfidh an bhileog oibre seo ar chumas na ndaltaí a gcumas chun píchairteacha simplí a léirmhíniú agus sonraí a léiriú i bhfoirm píchairteacha.
2. Ba chóir do na páistí a phlé conas, cathain agus cén fáth go mbeadh sé oiriúnach sonraí a léiriú i bhfoirm píchairte seachas i bhfoirmeacha eile de ghraif.
3. Ba chóir do na páistí suirbhéanna ranga a dhéanamh agus iaracht a dhéanamh iad a léiriú i bhfoirm píchairte, rud a chuireann ar a gcumas a mheas cé chomh hoiriúnach atá an píchairt chun a leithéid d'eolas a léiriú.

Freagraí ar Bhileog Oibre 3C: 1 (a) 500; 1 (b) 250; 1 (c) 250; 3 (a) Sea; 3 (b) 1/3; 3 (c) 2,000.

Ceacht 4

Snáithe: Uimhir.


Acmhainní: Bileog Oibre 3D.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann

1. Codáin agus foirmeacha coibhéseacha de chodáin a aithint le hainmneoirí 2,3,4,5, 6, 8,9,10 agus 12.
2. Tascanna agus fadhbanna praiticiúla a bhaineann le codáin a réiteach agus a chur i gcrích.

Gníomhaíochtaí atá molta:

1. Ba chóir go gcuirfeadh an bhileog oibre seo ar chumas na bpáistí tuiscint ar chodáin, agus fás ag teacht ar an tuiscint sin, a léiriú.



- D'fhéadfadh na páistí breis tuisceana ar chodáin a bhaint amach trí na sonraí a liostáil in ord ardaitheach agus in ord ísliitheach.
- D'fhéadfadh na páistí codáin níos casta a scrúdú trí shuirbhéanna a dhéanamh ar raon tuairimí sa rang agus an t-eolas a léiriú mar chodáin gur féidir nó nach féidir iad a shimpliú trí ainmneoirí a úsáid.

Freagraí ar Bhileog Oibre 3D: 2 (a) Scóráil sé níos lú ná leath; 2 (b) Fuair siad níos mó ná leath de na cártaí buí; 2 (c) Scóráil John Mullane an codán is mó de chúilíní; 3 (a) 6/15; 3 (b) 3/15; 3 (c) 1/15; 3 (d) 1/15; 3 (e) 4/15; 4 (a) 5/15; 4 (b) 3/15; 4 (c) 2/15; 4 (d) 2/15; 4 (e) 1/15; 4 (f) 2/15.

Ceacht 5

Snáithe: Uimhir.

Acmhainní: Bileog Oibre 3E.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann asbheirthe neamhfhoirmiúla, a bheadh bunaithe ar a gcuid scileanna meastacháin, a dhéanamh.

Gníomhaíochtaí atá molta:

- Ba chóir go gcuirfeadh an bhileog oibre seo ar chumas na bpáistí an ábaltacht atá acu chun na difríochtaí idir cinnteachtaí, meastachán agus buillí faoi thuairim a léiriú.
- Ba chóir a iarraidh ar na páistí féin ráitis a dhéanamh agus cásanna a léiriú agus an bunús atá lena meastacháin a thaispeáint.
- D'fhéadfadh gach páiste samplaí a thabhairt de bhuillí faoi thuairim agus de mheastacháin maidir leis na comórtais sraithe agus craobhe seo romhainn.
- Déan plé ar an ról atá ag eolas sa phróiseas trína ndéantar meastachán réasúnach agus freisin ar an gcaoi go bhféadfadh na páistí feabhas a chur ar a gcuid scileanna meastacháin.

Freagraí ar Bhileog Oibre 3E: 1. Tá 17 siombail sa bhosca; 2 (a) Meastachán; 2 (b) Buille faoi thuairim; 2 (c) Buille faoi thuairim; 2 (d) Meastachán; 3 (a) 114; 3 (b) An deireadh seachtaine a bhí ann.

Ceacht 6

Snáithe: Uimhir.

Acmhainní: Bileog Oibre 3F.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann tuiscint ar iolrú mar shuimiú leantach agus a mhalairt a fhorbairt.

Gníomhaíochtaí atá molta:

- Ba chóir go ndéanfadh an bhileog oibre seo daingniú ar thuiscint bhunúsach ar iolrú.
- D'fhéadfadh na páistí scrúdú a dhéanamh ar an ngaol atá idir córas na gcúl agus na gcúilíní chun scór a aimsiú agus táblaí faoi trí.
- D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí a gcuid puzail shimplí féin a chruthú bunaithe ar na puzail atá ar fáil trí chothromóidí iolraithe a chruthaíonn siad féin le litreacha a chuimsíonn abairtí.

Ceacht 7

Snáithe: Tomhais.

Acmhainní: Bileog Oibre 3G.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann daingniú agus níos mó forbartha a dhéanamh ar an gcumas atá aige gluaiseacht ama a bhraith.

Gníomhaíochtaí atá molta:

- Ba chóir go gcuirfeadh an bhileog oibre seo ar chumas an daltaí a gcumas amchláir shimplí a léamh agus a léirmhíniú a léiriú. Ba chóir go gcuirfeadh sé ar a gcumas freisin a léiriú gur féidir leo uaireanta agus nóiméid a shuimiú agus a dhealú. Ar deireadh, ba chóir go gcuirfeadh sé ar a gcumas tuiscint bhunúsach ar an bhféilire a léiriú.
- D'fhéadfadh na páistí a dtuiscint ar an am agus ar an gclog a léiriú trína n-amchláir féin a chur le chéile.
- D'fhéadfadh na páistí scrúdú a dhéanamh ar sceidil theilifíse agus na huaireanta sa sceideal atá leagtha síos do chlár CLG a chomhaireamh.
- D'fhéadfaí cur lena dtuiscint ar an bhféilire thar thréimhse ama trí thagairt a dhéanamh don fhéilire sa rang, ag tabhairt cluichí tábhachtacha craobhe chun suntais agus ag comhaireamh na laethanta, na seachtainí agus na míonna idir gach cluiche.

Freagraí ar Bhileog Oibre 3G: 1 (a) 7 nóiméad; 1 (b) 35 nóiméad; 1 (c) níos giorra (20 nóiméad níos lú); 1 (d) 2 nóiméad; 1 (e) 3 huire agus 25 nóiméad; 1 (f) 1 uair agus 35 nóiméad; 1 (g) 19 nóiméad. 2. 2:50 (tá an réiteoir 10 nóiméad tuath). 3. 40 nóiméad. Am puzail: 3:20; 5 uaire. Féilire: (a) Dé Máirt; (b) Déardaoin; (c) Dé Luain; (d) Déardaoin; (e) Dé Máirt; (f) Dé Céadaoin; (g) Déardaoin.

Ceacht 8

Snáithe: Tomhais.

Acmhainní: Bileog Oibre 3H.

Cuspóirí: Ba chóir go mbeadh an páiste in ann fad réimse leathan de rudaí a mheas, a thomhas, a chur i gcomparáid lena chéile agus a thaifeadh ag úsáid na n-aonad méadrach ábhartha.

Gníomhaíochtaí atá molta:

- Déan plé ar na haonaid éagsúla tomhais agus an fáth go bhfuil cinn éagsúla ag teastáil.
- Déan plé ar ghluaiseachtaí éagsúla sa Pheil Ghaelach agus san iománaíocht cosúil leis an bpas láimhe agus an poc amach agus roghnaigh an t-aonad tomhais is oiriúnaí i ngach cás.
- Déan cur síos ar na rudaí éagsúla is gá chun páirt a ghlacadh i gcluichí Gaelacha agus fad gach ceann acu.
- D'fhéadfadh na páistí an léaráid den pháirc a úsáid chun a dtuiscint ar dhronuilleinneacha a léiriú.

Freagraí ar 3H: 1. dronnuilleog; 2. 280m; 3. Meastachán; 4. 5cm; 5 (a) Méadair; 5 (b) Ceintiméadair; 6 (a) 5cm; 6 (b) 7cm; 6 (c) 4cm.

